

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bheis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an colais agus cóipcheart go soiléir.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dlíteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2011**

Focal Factory agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.

Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	4
Aidhm 1 – Feabhas a chur ar Thuiscint an Phobail ar Chearta agus ar Dhualgais i leith Dhlí na gCuideachtaí	5
Aidhm 2 – Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach agus Meargánta i leith Dhlí na gCuideachtaí	14
Aidhm 3 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	30
Ionchas	35
Aguisíní	36

Brollach



De bhun Alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2010 a chur faoi bhráid Richard Bruton, TD., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ba bhliain dheacair i 2010 don Oifig mar gheall ar dhrochstaíd an gheilleagair ach bhí sásamh le baint aisti in ainneoin sin. Rinneadh dul chun cinn maith ar imscrúduithe tábhachtacha ar Anglo Irish Bank anuraidh agus chuireamar ceithre cinn de chomhaid agus de thuarascálacha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi cheann na bliana.

Agus thart ar 800 cás idir lámha ar tús na bliana 2010, tháinig 2,000 ceist bhreise isteach i rith na bliana nár mhór déileáil leo (is ardú de níos mó ná 30% é sin ar an líon i 2009). Ar na ceisteanna a tháinig bhí gearáin ón bpobal agus tuarascálacha iniúchóirí ar líomhaintí faoi mhí-iompar ach tuarascálacha nua leachtaitheoirí a bhí ina bhformhór; ardú de 50% orthu sin ar chúis leis go príomha an fás ar rátaí dócmhainneachta corparáidí sa gheilleagar.

In ainneoin scála an mhéadaithe agus a chastacht is a bhí roinnt de na cásanna a bhí i gceist d'éirigh linn na measúnuithe ar níos mó ná 1,800 ceist a thabhairt chun críche i 2010 (ardú de 26% ar an líon i 2009). Thacaigh an lámhdeachas breise sin freisin le leachtaitheoirí agus thug go ndearna siad dícháilíú in ocht gcás agus srianadh i 156 cás ar stiúrthóirí faillíocha (12 dhícháilíochan agus 108 srianadh i 2009).

Bhí clár forleathan d'imeachtaí 'for-rochtana' againn anuraidh a chuimsigh rannpháirteachas i 71 seimineár agus taispeántas (79 i 2009). Díriodh sa chlár sin ar earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide, ar fhiontraithe ionchasacha, ar dhaoine gairmiúla agus ar an earnáil phobail agus dheonach agus ba é an aidhm a bhí leis a oiread faisnéise a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara is a chumasódh dóibh idirghníomhú lena chéile ar bhonn cothrom agus ar an mbealach atá leagtha síos faoin dlí.

Bhíomar ina óstach freisin do Chomhdháil Bhliantúil an International Association of Insolvency Regulators i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar éirigh go maith léi agus ar ar fhreastail níos mó ná 50 toscaire agus cainteoir ó 20 tír ó ar fud an domhain.

Baineadh amach na torthaí ceannlíne sin leis an oiread céanna foirne a bheag nó a mhór (50) agus a bhí againn i 2009. Ag an am céanna laghdaíodh costais na hOifige go €367 milliún, íslíú de 40%, ar chúis leis go príomha an titim thobann ar chaiteachas dlíthiúil seachtrach.

Is é an fás mór ar an obair agus na srianta ar acmhainní a thug orainn measúnú a dhéanamh ar an obair a dhéanaimid agus ord tosaíochta a shannadh. Ba den riachtanas an chuid is mó d'acmhainní na hOifige a ath-imscaradh lena gcur chun fónamh in imscrúduithe Anglo agus sa mheasúnú a dhéantar ar na céadta tuarascáil leachtaitheora a thagann isteach agus nach mór déileáil leo laistigh de thráthchlár reachtúil.

Go sonrach, bhí maolú leanúnach ar ghníomhaíocht choiriúil agus forfheidhmithe i 2010. Thug an Oifig go ndearnadh ocht gciontú choiriúla agus dícháilíochán amháin i dtír cinn de chásanna anuraidh (i gcomórtas leis na sé ionchúiseamh agus deich ndícháilíochán i naoi gcás i 2009). Bhí 17 gcás eile fós os comhair na gCúirteanna ag deireadh 2010, an chuid is mó díobh san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Uachtarach.

Maidir le hionchais na bliana 2011 beidh sé deacair. Leanfar leis ag díriú ar imscrúduithe Anglo agus ar dhócmhainneachtaí corparáideacha ach ós rud é go bhfuil roinnt tionscnamh inmheánach glactha tá súil agam go mbeidh méadú áirithe ar ghníomhaíocht forfheidhmithe i rith na bliana.

Glacaim buíochas leis na hAiri agus le foireann na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta as an tacaíocht airgeadais agus foirne a thug siad don Oifig i 2010, tréimhse dheacair i gcúrsaí eacnamúla. Tá súil agam go bhfuil an obair leanúnach atá ar siúl againn ag cúiteamh leo an muinín atá acu as an Oifig.

Tá creidmheas mór tuillte ag an bhfoireann thiomnaithe agus dhícheallach agam as a dtiomantas leanúnach don obair chrua atá ar siúl againn. In ainneoin na mbrúnna d'éirigh leo an lámhdeachas a choinneáil ar an leibhéal céanna nó a mhéadú in go leor de na réimsí atá faoi shainchúram na hOifige.

Ba mhaith liom freisin an tacaíocht leanúnach a thug an tOireachtas, an Rialtas, na Cúirteanna agus lucht ghairm an dlí agus na cuntasáíochta a thacaigh linn i rith na bliana san obair atá ar siúl againn don Oifig i 2010 a admháil.

Tá súil agam go leanfar leis an tacaíocht sin sa bhliain reatha agus go leanfaimid linn ag déanamh beart dearfach ar mhaithe le leas an phobail chun ardchaighdeán chorporáideacha a thacú sa gheilleagar.

Paul Appleby
Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
31 Márta 2011

Réamhrá

I gcomhréir leis an gcreat reachtúil atá leagtha amach san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, is é ról príomha an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- cúnaimh a thabhairt dóibh siúd ar mian leo oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh an mhian sin a shásamh;
- cosc a chur ar mhí-iompar na ndaoine ar bhaolach go ngéillfeadh siad don chathú gan dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh agus
- dul sa tóir orthu siúd ar féidir gur sháraigh siad a ndualgais agus an n-oibleagáidí faoin dlí.

Tá straitéis an Stiúrthóra faoi láthair comhréireach leis an gcreat reachtúil sin agus is ionann í agus na haidhmeanna príomha maille leis na fo-aidhmeanna gaolmhara a léirítear sa tábla a leanas.

Aidhmeanna agus Fo-Aidhmeanna Straitéiseacha an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Aidhm 1: Tuiscint an Phobail ar Chearta agus ar Dhualgais i leith Dhlí na gCuideachtaí a Fheabhsú

- Fo-Aidhm 1.1: Caighdeán Chomhlíontais a Ardú
- Fo-aidhm 1.2: Caidreamh níos Dlúite a Chothú le Páirtithe Leasmhara
- Fo-Aidhm 1.3: Tionchar a Imirt ar Fhorbairt Polasaí

Aidhm 2: Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach agus Meargánta i leith Dhlí na gCuideachtaí

- Fo-aidhm 2.1: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Mhí-iompar a Shainiú
- Fo-Aidhm 2.2: Achtanna na gCuideachtaí a Fhorfheidhmiú i gcás Sáruithe Tromchúiseacha

Aidhm 3: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-aidhm 3.1: Na hAcmhainní atá againn a Dhainiú agus a Bhainistiú go Críonna
- Fo-aidhm 3.2: An Fhoireann a Fhorbairt
- Fo-aidhm 3.3: Seirbhísí Custaiméara a Fheabhsú

Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil ar an dul chun cinn i 2010 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna sin.

Aidhm 1: Feabhas a chur ar Thuiscint an Phobail ar Chearta agus ar Dhualgais i leith Dhlí na gCuideachtaí

Réamhrá

Leagann OSFC béim i gcónaí ar a thábhachtaí is atá sé ceangail dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh i gcás cumarsáide le páirtithe leasmhara cuideachta. In ainneoin go bhfuil teorainn leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun comhlíontas a chur chun cinn bhí an Oifig tíosach i gcónaí maidir leis na meáin ar baineadh úsáid astu chun teacht chomh fada leis an spriocluacht éisteachta. Ar na gníomhaíochtaí a bhí i gceist áirítear óráidí, láithreoirachtaí agus teacht i láthair ag seimineáir, ag taispeántais agus ag imeachtaí timpeall na tíre. Taiscéaltar i gcónaí cainéil eile chumarsáide chun an teachtaireacht um chomhlíontas a léiriú.

Fo-Aidhm 1.1: Caighdeáin Chomhlíontais a Ardú

Foilseacháin – Forléargas

D'eisigh OSFC ceithre fhoilseachán faoi leith (14 i 2009), ar a n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil 2009. Tá an liosta iomlán leagtha amach in **Aguisín 1.1.1**. Bhí rath ar thionscnamh bolscaireachta na hOifige i 2010 maidir le Treoracha Mearthagartha nua OSFC i leith dualgas agus freagrachtaí cuideachtaí, stiúrthóirí agus páirtithe leasmhara eile a eisíodh i 2009. Ní raibh aon rath áfach ar an bplean an tsraith sin de Threoracha a mhéadú ar bhonn breisitheach i 2010 de bharr an bhrú ó thaobh acmhainne de go háirithe sa réimse dlíthiúil.

Eisíodh thart ar 24,000 cóip d'fhoilseacháin éagsúla na hOifige i 2010. Cuireadh ar fáil iad don phobal ar iarratas agus ag seimineáir, ag taispeántais agus ag imeachtaí eile a d'fhreastail foireann OSFC orthu.

I 2010 shochraigh OSFC i gcomhchomhairle leis an Oifig um Chlárú Cuideachta (OCC) go bhfaigheadh daoine a chláródh cuideachtaí nua as sin amach na Treoracha Mearthagartha in áit an Leabhair Fhaisnéise OSFC níos cuimsithí a eisíodh le roinnt blianta anuas. Cinntíodh gur réamhthreoir níos praiticiúla a bheadh sna Treoracha Mearthagartha maidir le rólanna páirtithe leasmhara éagsúla cuideachta ar a n-áirítear stiúrthóirí agus rúnaithe cuideachta. Tá na Leabhair Fhaisnéise níos cuimsithí a eisíodh i dtúsbaire mar Fhógra Cinnidh D/2002/1 fós ar fáil ón Oifig agus ar an suíomh idirlín.

Fógraí Faisnéise

D'eisigh an Oifig trí Fhógra Faisnéise i 2010.

Cinntí faoi Fhaoisimh i ndáil le Tuarascálacha Leachtaitheora

An chéad cheann díobh ab ea liosta na gcásanna uile inar scaoileadh leachtaitheoirí go buan nó go sealadach ón oibleagáid imeachtaí um shrianadh a thionscnamh maidir le tuarascálacha leachtaitheoirí a cuireadh isteach chuig an Oifig faoi Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.¹ B'éard ba chuspóir leis an bhFógra sin, a chur in iúl don phobal nach dtionscnófaí imeachtaí um shrianadh i gcoinne stiúrthóirí na gcuideachtaí dócmhainneacha ainmnithe a bhí faoi leachtú ag éirí as an mhaoirseacht a rinne siad ar an gcuideachta nó gur deonaíodh faoiseamh sealadach a fhad is a bhíothas ag feitheamh le tuarascáil bhreise leachtaitheora.

Ainmneacha Stiúrthóirí a Phriontáil ar Cheann Litreach Cuideachta

Le linn di a cion oibre a dhéanamh i gcomhréir le polasaí an Rialtais an t-ualach riaracháin ar ghnó a laghdú d'eisigh OSFC Fógra Faisnéise i 2010 chun na ceangail dhlíthiúla a bhain le priontáil ainmneacha stiúrthóirí ar chinn litreach cuideachta a shoiléiriú.² Shonraigh an Oifig go háirithe nach raibh sé de cheangal ar chuideachtaí faoin dlí ainmneacha stiúrthóirí a bheith réamhchloíte ar stáiseanóireacht cuideachta. Cuireadh in iúl san Fhógra go raibh sé de rogha ag cuideachtaí ainmneacha stiúrthóirí reatha a phriontáil mar bhuntasc ar chinn litreach cuideachta ag baint úsáide as bogearra caighdeánach.

Léiríodh in obair a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (RFTN) gurbh fhéidir go gcuirfeadh athphriontáil rómhínic stáiseanóireacht cuideachta costas suntasach ar ghnó agus go bhféadfadh sé freisin go ndiúscrófaí go caifeach stoic stáiseanóireachta a bhí ann cheana.³

Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009⁴

I 2010 d'eisigh an Oifig treoir maidir leis an Acht nua seo trína bhforáiltear go hachomair:

- d'úsáid leanúnach Chleachtais Chuntasaoíochta, a nGlactar leo i gCoitinne sna SA, in Éirinn ag cuideachtaí tuismitheora áirithe ar feadh tréimhse cheithre bliana a mbeadh críoch léi ar dháta nach deireanaí ná 31 Nollaig 2015;

1 Fógra Eolais I/2010/1 – Liosta na gCinntí um 'Fhaoiseamh' i leith Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú a eisíodh i 2009

2 Fógra Eolais I/2010/2 – Ainmneacha Stiúrthóirí a Phriontáil ar Cheann Litreach Cuideachta.

3 Tá tuarascáil na Roinne ar fáil ag http://www.deti.ie/commerce/businessregulation/final_report_measuring_administrative_burden_15dec2009.pdf.

4 Cuireadh Uimh. 45 ó 2009 i ndlí an 23 Nollaig 2009.

- do nochtadh agus do cheanglais eile maidir le ceannach scaireanna dá cuid féin ag cuideachta i margaidh thar lear;
- do chur ar leataobh uasteorainneacha áirithe airgeadais maidir le soláthar slándála agus maidir le costais a thabhoífaí i ndáil le himscrúduithe a dhéanann an Ard-Chúirt ar chúrsaí cuideachta;
- go mbeidh meán ann trínar féidir le cuideachtaí infheistíochta aistriú isteach nó amach as an Stát faoi choinníollacha áirithe gan é bheith de cheangal orthu dul faoi leachtú i Stát amháin agus ionchorprú as an nua i Stát eile;
- do shoiléiriú maidir le leithdháileadh agus maidir le feidhmiú cumhachtaí agus feidhmeanna Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann (UMICE) faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasáíocht) 2003.

Ag ceann na bliana 2010 bhí foilseacháin bhreise OSFC á n-ullmhú.

Cumarsáid

I gcomhréir le treoir an Rialtais maidir le gearradh siar ar chaiteachas neamhriachtanach choinnigh OSFC srian ar chaiteachas i 2010 agus ní dhearna aon fhógraíocht. Ní foláir nach raibh an teachtaireacht maidir le comhlíontas chomh feiceálach is a bhí dá réir.

I gcúiteamh ar aon drochthoradh air sin áfach chuir an Oifig cainéil chumarsáide eile chun cinn ar bhonn roghnach. In iarracht poitéinseal meán nua a thabhairt faoi stiúir fuair OSFC leathanach Facebook agus cuntas Twitter dá cuid féin i 2010. Tá sé i gceist go mbainfear úsáid astu sin chun poiblíocht a dhéanamh maidir le comhdhálacha, le cainteanna, le taispeántais agus le himeachtaí eile a mbeidh OSFC ag freastal orthu agus chun fógra a dhéanamh roimh ré maidir le haon phreasráitis a bheidh beartaithe ag OSFC.



Kevin Prendergast, Bainisteoir Comhlíontais Chorporáidigh, OSFC, in éindí le foireann agus le mic léinn ó IT Leitir Ceanainn

Seimineáir agus Taispeántais

Lean OSFC léi ag freastal ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir ar fud na tíre i 2010. Cuireann siadsan deiseanna ar fáil chun bualadh le stiúrthóirí agus le páirtithe leasmhara eile cuideachta ar suim dóibh eolas a fháil maidir le ceangail dhlí na gcuideachtaí agus maidir le dea-rialachas corparáideach. De réir mar a d'airigh an Oifig é ba é an comhshaoil crua eacnamúil ba cionsiocair leis an laghdú ar líon na n-imeachtaí sin i rith na bliana. In ainneoin sin rinneadh 51 cur i láthair (67 i 2009) le thart ar 2,200 duine a bhí spéis acu san ábhar maidir le suáilc an chomhlíontais. Tá liosta iomlán de na láithreoirachtaí sin in **Aguisín 1.1.2**.

Chuir an Oifig le méid na dtaispeántas a ndearnadh fhreastal orthu, 19 i 2010 i gcomórtas le 12 i 2009; tá an liosta in **Aguisín 1.1.3**. Is é tuairim OSFC go ginearálta go raibh freastal maith ar na himeachtaí agus gur ghlac an pobal leo go fonnmhar agus bhíothas cruógach ag seastán OSFC ag gach ceann de na himeachtaí sin. Bhí go leor de na himeachtaí sin dírithe ar idir fhiontraithe a bhí i mbun gnó cheana agus fhiontraithe a bhí ag tosú amach ar a n-áirítear daoine a bhí dífhostaithe go dtí le deireanas.

Le linn di freastal a dhéanamh ar imeachtaí is léir go mbeidh OSFC i gcónaí ag díriú ar:

- earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide agus fiontraithe ionchasacha,
- an lucht gairmiúil go háirithe cuntasóirí agus aturnaetha a bhíonn ról tábhachtach acu ag cur in iúl dá gcuid chliant a riachtanaí is atá sé ceanglais dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh;
- chlár ghnó tríú leibhéal agus iarchéime a chuireann oideachais ar fáil don chéad ghlúin eile de stiúrthóirí cuideachta agus de chomhairleoirí gairmiúla agus
- an earnáil phobail agus deonach ar féidir go bhfuil na scileanna agus an tacaíocht ghairmiúil riachtanach de dhíth uirthi le bheith feasach faoina n-oibleagáidí dlíthiúla.

Meáin

Cuireann an ról ó thaobh forfeidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil de atá ag OSFC i leith Achtanna na gCuideachtaí srianta le riachtanas ar a cumas plé a dhéanamh faoi imscrúduithe nó faoi chaingne dlí atá fós gan chríoch. Go sonrach ní gnáthchleachtas na hOifige é tuarascálacha ar dhul-chun-cinn nó ráitis eile dá leithéid maidir le cásanna sonracha a eisiúint. Ag an am céanna aithníonn an Oifig a thábhachtaí is atá na meáin maidir leis an teachtaireacht um chomhlíontas a chur in iúl do lucht éisteachta níos mó.

I 2010 dhéileáil Kevin Prendergast, an té atá sainithe ag an Oifig mar phearsa teagmhála leis na meáin, le roinnt céad fiosrú le linn dó cúnaimh a thabhairt do na meáin lena gcuid oibre.

D'eisigh an Stiúrthóir trí cinn de phreasráitis i 2010 freisin agus tá na sonraí fúthu sin in **Aguisín 1.1.4**.

Léiriú 1.1.1: Sampla de na Fiosruithe ón bPobal ar dhéileáil an Oifig leo i 2010

Cineál an Fhiosraithe	Freagra a Tugadh
D'iarr glaoiteoir ar an Oifig soiléiriú maidir le hiarmhairtí dlíthiúla sa chás go dtiteann cuideachta faoi bhun an mhéid íosta de seachtar gcomhalta a bhfuil feidhm aige i gcás go leor foirmeacha cuideachta.	Tugadh le fios don ghlaiteoir gur chóir do na comhaltaí gach iarracht a dhéanamh aon easnamh a shlánú gan mhoill. Beidh gach comhalta cuideachta atá feasach faoi go bhfuil sí ag feidhmiú le níos lú ná an íosmhéid dlíthiúil faoi dhliteanas go leithleach maidir le fiachais na cuideachta mura shlánaítear an easnamh tar éis sé mhí. ⁵
Chuir glaoiteoir ceist maidir le gné den dhlí a bhain le hidirbhearta idir cuideachta agus duine dá stiúirthóirí. Ba mhian leis an nglaoiteoir a fháil amach an raibh trádálaí aonair faoi thoirmeasc maidir le seirbhísí comhairliúcháin a soláthar don chuideachta a raibh sé nó sí ina stiúirthóir uirthi.	Cuireadh in iúl don ghlaiteoir nárbh fholáir don stiúirthóir an gaol a bhí aige/aici a nochtadh do na stiúirthóirí eile ⁶ . Faoi na stiúirthóirí a bhí sé ach é bheith nocht measúnú a dhéanamh ar arbh fhéidir choinbhleachtaí leasa a bheith ann (más tada) agus beart cuí a dhéanamh.
Chuir comhalta cuideachta bainistithe maoinne sealbhais ceist faoi na ceangail a bhí ann i gcás athrú ar rialacha maidir le riarachán inmheánach cuideachta nó le hAirteagail Chomhlachais mar is fearr aithne orthu. Dúirt sé gur pléadh an t-ábhar faoin gcatagóir 'Aon Ghnó Eile' ag cruinniú ginearálta cuideachta agus nach raibh sé liostaithe ar an gclár oibre féin.	Dúradh leis an nglaoiteoir nárbh fholáir gur thrí shainréiteach ag cruinniú de chomhaltaí na cuideachta a ghlacfaí aon athrú ar Airteagail an Chomhlachais ⁷ . Ciallaíonn sainréiteach nach foláir fógra scríofa a thabhairt 21 lá roimh ré do gach comhalta maidir leis an gcruinniú atá beartaithe móide shonraí théarmaí na n-athruithe ar na hAirteagail atá i gceist. Ní foláir go mbeidh 75% de na vótaí a caitear ag an gcruinniú i bhfabhar an athraithe sular féidir leis bheith éifeachtach. ⁸

Fiosruithe ón bPobal

Mar chuid den ról atá aici leibhéil an comhlíontais a mhéadú bíonn foireann na hOifige i gcónaí réidh chun freagra a thabhairt ar cheisteanna ginearálta ón bpobal maidir le dlí na gcuideachtaí. D'ainneoin gurb é polasaí na hOifige gan chomhairle dlí a thabhairt freagraíonn an Oifig ceisteanna i leith fiorais maidir le ceangail Dhlí na gCuideachtaí go tráthrialta. Nuair is cuí molann foireann na hOifige do dhaoine a ghlaonn isteach comhairle dlí neamhspleách a fháil chun cabhrú leo maidir le casaidí sonracha atá acu.

Déileálann foireann fáiltithe OSFC le go leor de na gnáthcheisteanna a thagann chuig an Oifig ar an bhfón nó le ríomhphost. Ina theannta sin tá rannán ar shuíomh idirlín na hOifige, www.osfc.ie, le Ceisteanna Coitianta trína dtugtar freagra ar go leor de na gnáthcheisteanna coitianta a chuirtear ar an bhfoireann. Coinníodh sin faoi athbhreithniú agus tugadh chun dáta é i 2010.

Má theastaíonn freagraí níos meáite ar cheisteanna aonair is í foireann an Aonaid Chomhlíontais a ullmhaíonn na freagraí. Dhéileáil an Oifig le 226 ceist dá leithéid ar an bhfón agus le ríomhphost i 2010. Tá sampla de na fiosruithe sin leagtha amach i **Léiriú 1.1.1** thuas.

Fo-aidhm 1.2: Caidreamh níos Dlúite le Páirtithe Leasmhara a Chothú

D'fhonn sainchúram na hOifige maidir le comhlíontas agus le forfeidhmíúchán a chomhlíonadh bíonn comhoibriú ó go leor páirtithe de dhíth ón Stiúirthóir um Fhorfeidhmíú Corparáideach agus ón bhfoireann. Cuireann an tOireachtas, an Rialtas agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (RFTN) acmhainní airgeadais, dlíthiúla agus eile ar fáil chun tacú le hobair na hOifige. Braithéann feidhmíúchán OSFC go mór freisin ar chaighdeán an idirghníomhaithe le comhlachtaí contrapháirte agus le páirtithe leasmhara eile. I 2010 leanadh ar aghaidh leis an obair dearfach a bhí ar siúl ag an Oifig le gach ceann de na páirtithe leasmhara tábhachtacha.

Comhchoiste Oireachtais um Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tháinig an Stiúirthóir agus comhaltaí na foirne bainistíochta sinsearaí os comhair an Chomhchoiste Oireachtais an 19 Eanáir 2010. Ar na hábhair a pléadh leis an gCoiste bhí obair na hOifige i réimse na bhforbairtí ilaonaid, 'faisnéisiú briseadh dlí' i gcomhthéacs dhlí na gcuideachtaí, 'cuideachta athbheochana' mar a ghlaitear orthu agus na himscrúduithe a thionscain an Oifig i leith Anglo Irish Bank agus DCC⁹.

⁵ Alt 36 (arna leasú) d'Acht na gCuideachtaí 1963.

⁶ Alt 194 (arna leasú) d'Acht na gCuideachtaí 1963.

⁷ Alt 15 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

⁸ Alt 141 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

⁹ Tá tras-scribhinn maidir le cruinniú an Choiste ag <http://debates.oireachtas.ie/BUJ/2010/01/19/00003.asp>.

Cruinniú Aireachta

Casadh Batt O’Keeffe TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta leis an Stiúrthóir in Aibreán 2010 agus thug an Stiúrthóir faisnéis dó maidir le gníomhaíochtaí ginearálta na hOifige ar a n-áirítear na feidhmeanna comhlíontais agus forfheidhmiúcháin atá aici.

Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

Tá sé d’ádh ar an Oifig go bhfaigheann sí tacaíocht láidir ón Roinn le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú. Bhí cruinniú foirmeálta i rith na bliana idir an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach agus Oifigigh shinsearach ón RFTN chun cúrsaí oibríochtúla agus straitéiseacha a phlé. Ghlac bainisteoirí sinsearach ón Oifig páirt freisin go tráthrialta i gcruinnithe bainistíochta i Rannóg Dhlí Cuideachtaí na Roinne. Mar is léir ó na hábhair a pléadh a bhfuil cur síos orthu sna míreanna a leanas chuaigh foireann na hOifige i mbun plé ar bhonn seachtainiúil leis an Roinn maidir le ceisteanna polasaí agus oibríochtúla.

Grúpa Oibre RFTN um Ualraig Riaracháin ar Ghnó a Laghdú

Spric uaimhianach a chuir an Rialtas roimpi na hualraig riaracháin ar ghnó a laghdú de 25% faoi cheann 2011. Faoi choimirce an Ghrúpa seo réachtáladh i rith na bliana roinnt ceardlanna um prionsabal na simplíochta a shaothrú maille le cruinnithe gaolmhara leantacha inar pléadh na bearta is féidir a dhéanamh chun an spric dhúshlánach sin a bhaint amach. Cé gurb é dearcadh an Ghrúpa nach mbaineann na hualraig ghnó is troime le réimse dhlí na gcuideachtaí tá cur chuige dearfach glactha ag OSFC chun taca a thabhairt do dhiúscairt aon rialacháin neamhriachtanaigh cibé acu an bhfuil sé laistigh nó lasmuigh de réimse dhlí na gcuideachtaí.

Pléghrúpa RFTN um Fhorfheidhmiúcháin agus um Chigireacht Bhaolbhunaithe

Ghlac an Oifig páirt freisin in obair an Ghrúpa seo a chomhordaíonn cur chuige tras-Rannach maidir le comhroinnt faisnéise idir rialaitheoirí agus maidir le córais forfheidhmiúcháin agus chigireachta bunaithe níos mó ar bhaol a ghlacadh. Cé go ndéanann an Oifig freagairt ar líomhaintí maidir le mí-iompar corparáideach agus nach ndéanann sí gnáthchigearacht le linn di a ról reachtúil a chomhlíonadh murab ionann agus rialtóirí eile, rinne sí a cion i gcónaí d’obair an Ghrúpa a bhfuiltear ag súil le críoch a chur léi i 2011.

Grúpa um Athchóiriú Dhlí na gCuideachtaí (GADC)

Is comhalta reachtúil de GADC an Stiúrthóir. D’fhoilsigh an Grúpa a thuarascáil ar an gclár oibre 2008-2009 go luath i 2010.¹⁰

I gcomhthéacs fhreacnairciú dhlí na gcuideachtaí rinne an grúpa machnamh faoi dhíolúine ó iniúchadh a thabhairt do chuideachtaí beaga faoi theorainn ráthaíochta agus d’fhoichuideachtaí díomhaoine i ngrúpaí. Thacaigh an Grúpa ina chonchlúidí le leathnú sa dá réimse ach modhuithe áirithe leis an leathnú agus na téarmaí a bheith inglachta ag OSFC.

Rinneadh roinnt moltaí freisin i dTuarascáil GADC maidir le ceisteanna i leith cláraithe agus dhlí na gcuideachtaí i gcásanna áirithe, le dlí comhpháirtíochta, le dáileacháin chuideachta agus le cothabháil chaipitil.

Chuir an Grúpa tús le hobair ar chlár oibre nua go deireanach i 2010¹¹. Déanfaidh foireann OSFC a cion oibre ar bhonn leanúnach ar chodanna áirithe den chlár sin sa bhliain atá amach romhainn.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta ar bhord UMICE agus rinne freastal ar naoi gcinn as deich dá chruinnithe boird i rith na bliana. Príomhchoimtmint an Stiúrthóra ar fhochoistí an bhoird ba ea feidhmiú mar chomhalta de Choiste Fiosrúcháin a d’imscrúdaigh comhlíontas Fodhlíthe Araíonachta dá cuid ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn le linn dó gearán áirithe i gcoinne cuideachta chomhalta a bhreithniú. Bhí obair an Choiste Fiosrúcháin ar siúl ar feadh 18 mí agus d’fhoilsigh UMICE na torthaí i Márta 2011. Beidh cóip de Thuarascáil UMICE na bhliana 2010 ar fáil ó lár na bliana 2011 ar aghaidh ar a shuíomh idirlín ag www.iaasa.ie.

Chuaigh UMICE agus OSFC i mbun comhairliúcháin lena cheile go tráthrialta ag leibhéal oibríochtúil i rith na bliana. Cé go bhfuil ceangal orthu araon cloí leis an rúndacht maidir le faisnéis a thagann ina seilbh, roinn an dá chomhlacht faisnéis eatarthu féin i gcomhréir leis an dlí ar roinnt ócáidí i 2010. Tá sin ceadaithe i gcás go bhfuil an fhaisnéis ábhartha i leith fheidhmeanna reachtúla an chomhlachta eile.

Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC)

Is foinse luachmhar faisnéise an OCC don Oifig maidir le measúnú a dhéanamh ar ghearáin agus ar thuarascálacha a bhaineann le cuideachtaí, stiúrthóirí agus araile. Deimhniúnn foireann OCC doiciméid agus mionnaíonn mionnscribhinní in imeachtaí OSFC más gá.

Lean an comhoibriú dearfach idir an Oifig agus OCC i 2010. Bhí caidreamh idir an dá chomhlacht agus an Roinn agus na comhlachtaí cuntasáíochta i rith na bliana freisin agus iad ag iarraidh réiteach teicneolaíocht bhunaithe inghlactha a fháil ar an bhfadhb conas iniúchóirí cáilithe a aithint; tá súil leis go mbeidh toradh rathúil air sin i 2011.

10 Tá an tuarascáil ar fáil ag <http://www.clr.org/Annual-Report-2009.aspx>.

11 Tá clár oibre nua GADC ar fáil ag [http://www.clr.org/cuuploads/editor/file/CLRG Work Programme 2010-2012.pdf](http://www.clr.org/cuuploads/editor/file/CLRG%20Work%20Programme%202010-2012.pdf)

Comhlachtaí Cuntasáíochta

Casadh an Stiúrthóir agus baill den fhoireann le bainistíocht shinséarach ó na comhlachtaí cuntasáíochta móra ar dhá ócáid faoi leith i 2010 chun cúrsaí a bhain le leasanna frithpháirteacha a phlé. Clúdaíodh sa phlé a rinneadh an méadú ar thuairiscí dócmhainneachta go dtí an Oifig maille le cúrsaí gaolmhara, an rialú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leachtaitheoirí amach anseo, ceist na n-iniúcháirí neamhchláraithe agus a bhfuil i ndán don iniúchadh.

Chuaigh OSFC i mbun oibre freisin le gairm na cuntasóireachta trí ghrúpa caidrimh teicniúil a thagann le céile de réir mar is gá chun clár oibre comhaontaithe a chur chun cinn. Leanadh ar aghaidh i 2010 ar ullmhúchán doiciméid a léireoidh a mbeifear ag súil leis ón Oifig agus ó iniúcháirí i ndiaidh d'iniúcháirí tuarascálacha faoi chásanna ina bhfuil amhras faoi chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a chur chuig OSFC.

Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise (BGIC)

Is mór an cúnadh don Oifig san obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe a bhíonn ar siúl aici an t-ochtard Gardáí Bleachtaire atá ar iasacht inti ar bhonn buan. Go sonrach, d'oibrigh OSFC agus BGIC i ndlúthpháirtíocht lena chéile i 2010 sa chomh-imscrúdú atá á dhéanamh acu ar imeachtaí in Anglo Irish Bank. Chuaigh OSFC i mbun comhairliúcháin le BGIC agus le baill sinsearach eile den Gharda Síochána freisin sula ndearna sí freagairt ar thionscnamh an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le fadhb choiriúlachta an bhóna bháin (féach thíos).

Banc Ceannais/Rialtóir Airgeadais

Bhí cumarsáid thráthrialta idir OSFC, an Rialtóir Airgeadais agus an Banc Ceannais ar feadh 2010. Príomhfhócas na cumarsáide sin ab ea imscrúdú OSFC ar Anglo Irish Bank ach chuaigh an Oifig agus an Banc i mbun caidrimh lena chéile maidir le roinnt rudaí eile a bhain le cúram reachtúil ceann nó a chéile den dá chomhlacht.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Chomhpháirtí tábhachtach na hOifige le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú ab ea na Coimisinéirí Ioncaim. Roinn an dá Oifig faisnéis eatarthu féin maidir le 92 cuideachta agus iarchuideachta (91 cuideachta i 2009). Cé gur iarratais ar fhaisnéis a bhí i dtromlach na gcásanna sin chuir ceann nó a chéile den dá Oifig 22 cás ar aghaidh ar a conlán féin chuig an Oifig eile féachaint ar ghá beart breise a ghlacadh ina leith.

Bhí cruinniú fóinteach idir OSFC agus na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Samhna 2010 maidir le ceisteanna a d'escair as gníomhaíochtaí an dá Oifig le linn dóibh déileáil le cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe.

International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

B'ónóir do OSFC atá ina chomhalta den IAIR ó 2003 i leith bheith ina hóstach dá Chomhdháil Bhliantúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2010. Is eagrais IAIR ina bhfuil thart ar 30 ballchomhlacht atá gafa le rialachán féimheachtaí pearsanta agus dócmhainneachaí corparáideacha ar fud an domhain agus is fóram fiúntach é chun faisnéis a



Na toscairí a d'fhreastail ar Chomhdháil IAIR 2010 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath



Ó chlé: Paul Appleby, an Stiúirhóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, An Breitheamh Frank Clarke ón Ard-Chúirt agus Chris Lebane, Sannaí Oifigiúil, an tSeirbhís Chúirteanna, ag Comhdháil IAIR 2010 i mBaile Átha Cliath

roinnt agus chun fadhbanna a réiteach. D'fhreastail 47 toscaire ó 21 tír ar chomhdháil na bliana ar théama di: 'An Dócmhainneacht – Ionstraim Téarnaimh' ('Insolvency – an Instrument for Recovery').

Thosaigh an tUasal Sean Gorman, Ard-Rúnaí RFTN, an Comhdháil. Ba chúis áthais do OSFC gur thug na cainteoirí oirirce a leanas aitheasc leis na toscairí:

- An Breitheamh Frank Clarke a thug caint faoin maoirseacht a bhí an Ard-Chúirt ag déanamh ar fhorálacha um théarnamh corparáideach (scrúdaitheoireacht) in Achtanna na gCuideachtaí;
- Patricia T Rickard-Clarke, Coimisinéir, Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, a dhéileáil leis na moltaí a rinne an Coimisiún le deireanas maidir le bainistiú agus le forfheidhmiú fiachais phearsanta;
- Inigo Urresti, Aonad Fiontraíochta um Fhiontar agus Thionscal ('Enterprise and Industry Entrepreneurship Unit') Coimisiún na hEorpa a thug aitheasc maidir le ról córas dócmhainneachta i ndáil le fiontraíocht a chothú san Eoraip;
- Gordon Stewart, Ceann Global Restructuring Group ag Allen & Overy, a rinne comparáid idir an cur chuige atá ag na SA agus ag an RA faoi seach maidir le hathsceidealú fiachas corparáideach;
- Mike Norris, Stiúirhóir Feidhmeannach, Globalised Securitised Products, Max Recovery, fochuideachta de JP Morgan, a phlé an chaoi a ndeachaigh cúrsaí i bhfeidhm ar chreidiúnaithe, go háirithe i ndáil le hiarmhairtí géarchéime airgeadais 2009, agus

- Sue Aspinall, UK Office of Fair Trading (OFT), a thug aitheasc maidir le staidéar a rinne OFT ar an margadh le haghaidh cleachtóirí dócmhainneachta san RA le deireanas.

Chomh maith leo siúd éisteadh cainteanna ó thoscairí náisiúnta agus ó ionadaithe ón mBanc Domhanda agus ón European Bank for Reconstruction and Development agus dá bharr sin uile ba Chomhdháil bheoga agus spreagúil a bhí inti. Gné thábhachtach den Chomhdháil ab ea an t-eagrúchán iontach a ghabh léi a bhfuilimid go mór i gcomaoin fhoireann OSFC faoi stiúir Conor O'Mahony mar gheall air.

Caighdeán Freagracht Sóisialta NSAI/ISO

Lainseáladh ISO26000 um Fhreagracht Sóisialta go foirmeálta an 1 Samhain 2010 ¹². Obair chúig bliana a bhí i gceist le forbairt na treorach idirnáisiúnta agus daoine ó nach mór 100 tír ag cuidiú sa saothrú. Bhí OSFC ina ball de Choiste Comhairleach Teicniúil na hÉireann 'Irish Mirror Committee' a raibh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ina chathaoirleach air. Ar chúrsaí a bhain le dlí a chomhlíonadh agus le rialachán corparáideach ar ardchaighdeán a bhí OSFC ag díriú sa chion oibre a rinne sí i ndáil le forbairt an chaighdeáin.

12 Tá tuilleadh faisnéise faoi ISO26000 ar fáil ag www.iso.org/iso/catalogue/management_and_leadership_standards/social_responsibility.htm.

Fo-Aidhm 1.3: Tionchar a Imirt ar Fhorbairt Polasaí

Tá sé de shainchúram ar OSFC thar aon chomhlacht eile dul i mbun imscrúdaithe agus forfheidhmíthe i gcás shaincheisteanna um dhlí na gcuideachtaí agus faigheann sí taithí praiticiúil dá réir a fhónann di chun polasaí a fhoirmiú. Arís i 2010 rinne OSFC iarracht freagairt dhearfach a thabhairt ar éileamh agus moltaí i leith polasaí a fhorbairt.

Aighneachtaí OSFC maidir leis an mBille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí arna Mholadh¹³

Chuir OSFC tráchtanna maidir le codanna sonracha den Bhille atá molta ar fáil ar bhonn leanúnach i 2010 tar éis don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (RFTN) dul i gcomhairle léi. Is dóigh go gcuirfean an Bille ollmhór seo, trína gcruithfar aon Acht na gCuideachtaí nua-aimseartha amháin ar deireadh thiar, faoi bhráid an Oireachtais i 2012.

I 2010 chuir an Oifig tráchtanna ar fáil maidir lena leanas:

- dréacht Cuid 5 (Dualgais Stiúrtóirí agus Oifigeach eile). Tráchtanna gearra ar bheag thábhacht a bhí i gceist sa chás seo;
- dréacht Cuid 13 (Imscrúduithe). Cuimsíonn sraith chuimsitheach tráchtanna OSFC moltaí de chineál suntasach chun an Chuid a fheabhsú;
- an dréacht a chuirfean in áit Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dhlí na gCuideachta, 2001 trína gcuirtear ceangal ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha tuarascáil a chur chuig OSFC. Sa chás seo mhol an Oifig go ndéanfaí obair chuimsitheach athchóirithe ar an dréacht a bhfuil sé beartaithe a chur sa Bhille.

Ag deireadh na bliana bhí OSFC fós ag déanamh athbhreithniú ar dhréacht Cuid 11 (Foirceannadh).

Páipéar Glas an Choimisiúin Eorpaigh um Beartas Iniúchta¹⁴

Mar fhreagairt ar an gcúlú eacnamúil dhírigh an Coimisiún Eorpach inter alia ar ról an iniúchta i ndáil leis an teip cosc a chur le hiompar neamhstamach corparáideach. Chuige sin d'eisigh an Coimisiún Páipéar Glas chun críche comhairliúcháin go deireanach i 2010 a raibh 38 ceist leithleacha faoi bheartas an AE faoi láthair agus faoin mbeartas a d'fhéadfadh bheith aige amach anseo i leith iniúchta ina ndlúthchodanna de. D'fhreagair aighneacht OSFC go leor de na ceisteanna a chuir an Coimisiún agus rinneadh roinnt tráchtanna inti faoi fheidhmíochán an iniúchta faoi láthair agus faoi conas ar féidir é a fheabhsú. Tá príomhthráchtanna OSFC leagtha amach i **Léiriú 1.3.1**.

Léiriú 1.3.1: Aighneacht OSFC do Choimisiún Eorpach maidir le Beartas i leith an Iniúchta

Seo a leanas roinnt de phríomhthráchtanna OSFC:

- tá forais ann chun ceist a ardú faoi chomhsheasmhacht agus faoi chaighdeán obair iniúchta laistigh den ghairm;
- b'fhéidir nach bhfuil an cur chuige agus teimpléad caighdeánach na tuarascála iniúchta atá ann faoi láthair iomchuí in imthosca ina n-éilítear go mbeadh míreanna eile den chur síos i dtuarascáil bhliantúil cuideachta níos léirithe;
- cuideodh sé chun dearbhú a sholáthar go bhfuil iniúchadh neamhspleách agus cumasach á ndéanamh dá gcuirtear níos mó fianaise ar fáil go bhfuil amhras na gairme á fheidhmíú ag iniúchóirí agus iad i mbun a gcúram. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí ábhar na tuarascála trédhearcachta a bhfuil sé de cheangal ar ghnóthais iniúchta áirithe a chur ar fáil a leathnú sa chaoi is go bhfaighfí faisnéis staitisticiúil ar líon na dtuarascálacha iniúchta a raibh cáilíocht áirithe curtha ina leith agus a bhí ina n-ábhar do thuairimí diúltacha;
- ní mór go mbeadh fócas an iniúchta comhdhlúite d'fhonn cinnteacht a sholáthar go bhfuil imeachtaí san ama atá caite maille le roinnt den bhaol atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo léirithe go cruinn i ráitis airgeadais cuideachta;
- ba bheart cuiditheach é dá n-iarrfadh níos mó scairsealbhoirí tionchar a imirt ar an rogha atá ann sula gceapfaí iniúchóir do cuideachta. B'fhéidir gur cheart don choiste iniúchta dul i gcomhairle níos minice le páirtithe leasmhara móra na cuideachta le linn dó a moladh a dhéanamh;
- ba chóir go mbeadh uastréimhse ocht mbliana i bhfeidhm maidir le socrú iniúchta sa chuid is mó de na heagrais a dhéanann leas an phobail. D'fhéadfaí síneadh a chur leis sin to dtí deich mbliana i gcás eagrais ollmhóir a dhéanann leas an phobail in aitheantas ar bhreis chastachta an ghnó;
- ba chóir go mbeadh rothlú ar pháirtí iniúchta ar a laghad gach cúig bliana;
- ba chóir go mbeadh cumarsáid dhíreach agus oscailte idir rialtóirí agus iniúchóirí sa chás go bhfuil an rialtóir ar neamheolas maidir le cúrsaí áirithe nó go gcuirfeadh an t-iniúchóir ar a shúile agus go n-aibhseodh sé don rialtóir na cúrsaí sin a bhaineann leis an gcuideachta a meas sé gur gá aghaidh a thabhairt orthu.

Chuir OSFC cóip dá haighneacht i leith polasaí iniúchta chuig RFTN agus chuig IAASA.

¹³ Tá an struchtúr agus na Ceannlínte atá beartaithe don Bhille ar fáil ón nGrúpa um Athchóiriú Dhlí na gCuideachtaí ag <http://www.clrg.org/companies-bill.aspx>.

¹⁴ Tá tuilleadh faisnéise faoi Pháipéar Glas an AE ar fáil ag: http://ec.europa.eu/internal_market/consultations/2010/green_paper_audit_en.htm.

Trasuíomh Treoir 2009/109/CE arna Mholadh – An Tríú agus an Séú Treoir¹⁵

Leasaítear tríd an Treoir seo an Tríú agus an Séú Treoir maidir le cumaisc agus le deighiltí agus déantar próisis i bhfad níos simplí díobh. Chuir an Oifig aighneacht ghearr chuig RFTN maidir le roinnt den ábhar teicniúil sa trasuíomh atá molta.

Aighneacht OSFC maidir le Coiriúlacht an Bhóna Bháin¹⁶

B'ábhar do go leor tráchtanna i rith na bliana an réimse polasaí a bhaineann le coiriúlacht an bhóna bháin. Le linn di freagairt a dhéanamh ar Phlédhoiciméad faoi Choiriúlacht Eagraithe agus faoi Choiriúlacht an Bhóna Bháin a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (RDCAD) i mí Dheireadh Fómhair 2010 rinne an Oifig aighneacht chuimsitheach go deireanach i mí na Samhna. Tá achoimriú ar na príomhholtaí i **Léiriú 1.3.2**.

Léiriú 1.3.2: Aighneacht OSFC chuig RDCAD maidir le Coiriúlacht an Bhóna Bháin

Seo a leanas roinnt de phríomhthráchtanna OSFC:

- dliteanas coiriúil a leathnú go dtí réimsí a leithéidí trádáil mheargánta, trádáil chaloiseach agus mí-úsáid ainm bréagaigh nó míthreoraigh;
- mainneachtanaí nua a chruthú maidir le calaois bhainc, le calaois phoist agus le ráitis fhalsa a dhéanamh i gcás iarratas ar iasachtaí agus ar chreidmheas;
- na pionóis maidir le cionta coiriúla an bhóna bháin a d'fhéadfadh bheith tromchúiseach a dhéanamh níos déine;
- síneadh a chur leis na tréimhsí chun 'coireanna bóna báin' áirithe a imscrúdú/a ionchúiseamh nuair atá giorracht na dtréimhsí sin gan bhonn;
- ceangal a chur ar fhinnéithe ionchasacha fianaise a thabhairt a bhféadfaí úsáid a bhaint aisti le cinneadh a dhéanamh faoi an ndearnadh coir nó nach ndearnadh;
- foirm bheacht de dhliteanas coiriúil cuideachta agus de dhualgais a h-oifigeach a shoiléiriú d'fhonn cosc a chur ar mhíchleachtas;
- a oiread agus is ceadmhach do dhaoine atá cúisithe iad féin a chosaint ar an mbonn go bhfuair siad comhairle dlí earráideach a shoiléiriú;
- feabhas a chur ar chumas an Gharda Síochána agus comhlachtaí rialaitheacha oibriú le chéile chun coiriúlacht an bhóna bháin a throid;
- úsáid níos forleithne de phionós riaracháin a thabhairt isteach mar rogha de bhreis ar phionós coiriúil agus i gcásanna áirithe stádas ciona coiriúil a bhaint de neamhchomhlíonadh oibleagáidí rialaitheacha ar bheag tábhacht atá faoi réir pionós riaracháin;

- imscrúdú agus ionchúiseamh choiriúlacht an bhóna bháin a fheabhsú trí úsáid (nó trí breis úsáide), i gcásanna áirithe, a bhaint as clár dhíolúine, as margáil phléadála, as comhaontuithe ionchúisitheora iarchurtha, as fianaise ó dheimhnithe agus as fianaise chlostrácha i gcás imscrúduithe coiriúla agus
- tionchar sriantach na pribhléide gairme dlíthiúla agus an riail eisiatrach maidir le fianaise i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh i leith choiriúlacht an bhóna bháin a mhaolú más cuí.

Aighneacht maidir le Ráiteas Straitéise 2011-2013 RDCAD arna Mholadh

Chuir an Oifig aighneacht ghearr chuig RCDAD ag aibhsiú a riachtanaí is atá sé dul i ngleic le coiriúlacht an bhóna bháin agus ag áiteamh go bhféadfaí próisis imscrúdaithe agus ionshcúisimh a luathú agus b'fhéidir costais a laghdú dá ndéanfaí athruithe áirithe ar an gcóras cirt coiriúil.

An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad

Cuireadh an Bille um Fhorbairtí Ilaonad arna urrú ag RDCAD faoi bhráid an Oireachtais agus bhí próiseas reatha an bhille i gcrích go héifeachtúil ag deireadh na bliana 2010. Réimse amháin a dtugtar aghaidh air san tAcht agus iarracht á dhéanamh ann deacrachtaí maidir le feidhmiú cuideachtaí bainistithe maoinne sealbhais a réiteach is ea dlí na gcuideachtaí.

Rannchuidigh OSFC le polasaí sa réimse roinnt uaire sna blianta deireanacha agus ba chóir go gcuideoidh an tAcht nua¹⁷ chun fadhbanna a bhí ina n-ábhar do chuimse gearán chuig an Oifig roimhe seo a réiteach. Áirítear ar nuálaíochtaí forálacha leathanréimseacha trína gceadaítear don Ard-Chúirt cibé orduithe a dhéanamh a mheasann sí a bheith riachtanach chun déileáil le ceisteanna dlíthiúla a eascraíonn as míbhainistiú cuideachtaí bainistithe maoinne sealbhais maille le meicníocht atá molta chun cuideachtaí atá bainte de Chlár na gCuideachta sna sé bliana dheireanacha a athchlárú.

Aighneacht maidir le Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2011-2013 arna Mholadh

San aighneacht a chuir OSFC chuig na Coimisinéirí Ioncaim i Mí Mheán Fómhair 2010 d'aibhsigh sí a riachtanaí is a bhí sé dul i ngleic go héifeachtúil leis an ngeilleagar dubh. Mhol an Oifig d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim leanúint ar aghaidh leis an obair tábhachtach a bhí ar siúl aici i réimse na gcuideachtaí dócmhainneacha agus na leachtuithe toisc gur mhórchreidiúnaí cuideachta a bhí inti in go leor de na cásanna sin. Le linn di rath Roinn na gCásanna Móra de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a admháil mheabhraigh an Oifig dóibh go bhféadfaí a mhacasamhail d'Aonad spriocdhírthe a dhéileálfadh le heagrais agus le daoine bainteacha a bhí gafa le seachaint cánach ar bhonn ionsaitheach, a bhunú.

¹⁵ Tá tuilleadh faisnéise faoin Treoir seo ar fáil ag http://ec.europa.eu/internal_market/company/simplification/index_en.htm.

¹⁶ Tá tuilleadh faisnéise faoin bPáipéar Bán atá eisithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar fáil ag http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/WPOC_Discussion_Doc_3.

¹⁷ Uimh. 2 de 2011. Tá cóip den Bhille mar a ritheadh é i nDáil Éireann ar fáil ag <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/bills/2009/3209/b32d09s.pdf>.

Páipéar Comhairliúcháin an Bhainc Cheannais maidir le Rialachas Corparáideach¹⁸

I rith na bliana d’eisigh an Banc Ceannais Páipéar Comhairliúcháin CP41 maidir le Ceangail Rialachais Chorporáidigh ar Institiúidí Creidmheasa agus ar Ghnóthas Árachais. Sa fhreagairt a thug OSFC ar an bPáipéar i Meitheamh 2010 d’aibhsigh sí roinnt ceisteanna maidir le ról an chathaoirligh, an bhoird agus na gcoistí ina leithéidí de chuideachtaí.

Le linn di ceist na gcoistí iniúchta a phlé ina haighneacht nochtaigh an Oifig an tuairim go mb’fhéidir gur bhfearrde moltaí an Bhainc Cheannais athbhreithniú a dhéanamh ar liosta cuimsitheach freagrachtaí coiste iniúchta in Alt 205B d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna chur isteach ag Alt 42 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 ach fós gan bheith tosaithe) agus i Rialachán 91 ó na Comhphobail Eorpacha (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) Rialachán 2010¹⁹ atá níos giorra.

Páipéar Comhairliúcháin an Bhainc Cheannais maidir le hIasachtaí do Pháirtithe Gaolmhara²⁰

D’eisigh an Banc Ceannais Páipéar Comhairliúcháin CP43 maidir le ceist iasachtaí do pháirtithe gaolmhara ag institiúidí rialaithe áirithe i rith na bliana freisin. San fhreagairt a rinne sí i Meitheamh 2010 d’ainmnigh OSFC roinnt laigí poitéinsiúla i raon feidhme an Chóid a bhí beartaithe. Rinne an Oifig trácht freisin ar ról sonrathóirí neamhfheidhmeannacha agus nochtaigh an tuairim go mb’fhéidir gur chóir go dtoirmiscfí orthu aon chaidreamh airgeadais a bheith acu leis an gcuideachta ábhartha.

Aighneacht maidir leis an mBille um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2011 arna Mholadh

Chuir OSFC aighneacht sách sonraithe chuig an mBanc Ceannais i mí Mheán Fómhair 2010 maidir leis an Bille atá molta agus a bhfuil súil lena bheith tugtha isteach i 2011. Seo a leanas roinnt de thráchtanna n a hOifige:

- feartar fáilte roimh na moltaí maidir le cosaint do lucht faisnéisithe briseadh dlí agus don ‘chuan sábháilte’ maidir le tarscaoileadh i leith pribhléid dhlíthiúil;
- maidir leis an moladh gur chóir go mbeadh príomhaíocht ag an mBanc Ceannais ar gach creidiúnaí eile ar a n-áirítear leachtaitheoir nó scrúdaitheoir sa chás gur thug an Banc Ceannais creidmheas do bhanc a raibh deacrachtaí airgeadais ag gabháil dó. Bhíothas den tuairim go mb’fhéidir go mbeadh sé deacair seirbhís leachtaitheora, abair, a fháil dá mba rud é nach raibh cinnteacht maidir le téarnamh chostais an phróisis.

Conclúid

Tugtar le tuiscint ina bhfuil scríofa thuas tiomantas suntasach OSFC do chomhlíonadh an tsainchúraim um chomhlíontas atá aici agus do rannchuidiú le forbairt polasaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Eilimintí tábhachtacha d’obair na hOifige is ea tuiscint shoiléir ar oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a chinntiú maille le gealltanais dul i mbun caidrimh le scairsealbhóirí.

Chomh maith le gníomhaíocht na hOifige i réimse an chomhlíontais tá straitéisí forfheidhmíúcháin chothrom agus chomhréireach aici chun cosc agus más gá pionós a chur orthu siúd a ghéilleann don chathú neamhaird a thabhairt dá n-oibleagáidí. Leagtar amach sa chéad rannán eile den Tuarascáil seo torthaí chur i bhfeidhm na straitéise sin san Oifig i 2010.

18 Tá cóip den Páipéar Comhairliúcháin seo ar fáil ag <http://www.financialregulator.ie/consultation-papers/Documents/CP41 – Corporate Governance Requirements/Corporate Gov Requirements.pdf>.

19 I.R. Uimh. 220 de 2010.

20 Tá cóip den pháipéar comhairliúcháin seo ar fáil ag <http://www.financialregulator.ie/consultation-papers/Documents/CP43 Code on Related Party Lending/CP 43.pdf>.